

Aonad 9 – Ceacht 3



Bileog Oibre Meon i leith airgid – suirbhé



Scríobh d'ainm anseo: _____

Léigh na ráitis thíos. Abair an aontaíonn tú leo go láidir, an aontaíonn tú leo beagán, an easaontaíonn tú beagán, nó an easaontaíonn tú leo go láidir. Breac ciorcal timpeall an fhreagra is oiriúnaí duitse. Bí chomh macánta agus is féidir leat leis na freagraí.

Nóta: Ní gá duit na freagraí a roinnt leis an rang.

Nuair atá tú críochnaithe, suimigh líon na bhfigiúirí le ciorcal timpeall orthu agus breac síos an tsuim iomlán seo ag bun an leathanaigh.

		Aontaím go mór	Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go mór
1.	Ní cheannaím rudaí ach nuair a bhíonn siad ag teastáil uaim.	4	3	2	1
2.	Bíonn sé tábhachtach airgead a chur ar leataobh – i gcás go mbeadh éigeandáil.	4	3	2	1
3.	Dá mbuafainn €500 rachainn chuig na siopaí láithreach agus chaithfinn é.	1	2	3	4
4.	Lorgaim an margadh is fearr sula gceannaím aon rud i gcónaí.	4	3	2	1
5.	Dá gcaillfinn €5.00, an dearcadh a bheadh agam ná 'Is cuma liom'.	1	2	3	4
6.	Nuair atá mé gann ar airgead agus nuair atá mo chairde ag dul amach ag siopadóireacht, téim ar aon nós agus caithim aon airgead a bhíonn agam.	1	2	3	4
7.	Má tá fón nua ag teastáil uaim déanaim taighde ar na praghsanna go léir agus roghnaím an margadh is fearr.	4	3	2	1
8.	Anois agus arís ceannaím rudaí mar tá sé go maith don íomhá atá uaim.	1	2	2	4





Bileog Oibre Meon i leith airgid – suirbhé



		Aontaím go mór	Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go mór
9.	Nuair a chríochnaím scoil, an post atá uaim ná an ceann a íocann an méid is mó airgid – ionas nach mbeidh orm a bheith buartha faoi chúrsaí airgid arís.	1	2	3	4
10.	Tá sé tábhachtach go bhfoghlaímíonn daoine faoi chúrsaí airgid ag aois óg mar beidh siad níos ciallmhaire faoi ansin nuair a bhíonn siad fásta.	4	3	2	1
11.	Mairim san aimsir láithreach – is cuma faoi cad a tharlóidh amárach.	1	2	3	4
12.	Cuirim airgead i dtaisce má tá rud uaim.	4	3	2	1
13.	Nuair a fhaighim airgead ar iasacht, íocaim ar ais é i gcónaí.	4	3	2	1
14.	Ní mhaireann m'airgead póca chomh fada agus is ceart.	1	2	3	4
15.	Dá mbeadh fadhb agam le m'fhón - mar shampla dá dtitfeadh sé ar an talamh - bheadh orm íoc as mé féin.	4	3	2	1
16.	Tuigim go díreach cé mhéad airgid atá agam.	4	3	2	1
17.	Caithim airgead go n-imíonn sé.	1	2	3	4
18.	Le bheith go maith ag bainistiú airgid, caithfidh go leor airgid a bheith agat	1	2	3	4
19.	Ní bhaineann buiséadú liomsa – ach le daoine i saol an ghnó agus cuntasóirí.	1	2	3	4
20.	Tá a fhios agam cá bhfuil cúnamh ar fáil faoi airgead má tá sé ag teastáil uaim.	4	3	2	1

